Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14536/23**

**FIN 1084**
**INST 411**
**PE-L 41**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14471/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2023 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2023 |

1. An 20 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is cuspóir don togra seo méid iomlán EUR 13.9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ó Airteagal 03 05 01 (*Comhar i réimse an chustaim* (*Custam*)), chomh maith le míreanna 03 10 01 01 (An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin) agus 03 20 03 01 (*Nósanna imeachta chun conarthaí soláthair phoiblí, oibreacha agus seirbhísí a dhámhachtain agus a fhógairt*) chuig mír 02 04 06 11 (*An Comhghnóthas um Leathsheoltóirí - Sliseanna*), mar a taifeadadh in 14471/23.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Tá an t-aistriú á mholadh chun gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Shliseanna a mhaoiniú, mar a fhoráiltear sa chomhaontú polaitiúil ar thángthas air maidir leis an nGníomh um Shliseanna i mí Aibreáin 2023.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistrithe ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Deireadh Fómhair 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

— an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 14471/23 é; agus

— an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).